Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Bealtaine 2019
(OR. en, it)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0061(COD)**

**9172/19**
**ADD 1**

**CODEC 1053**
**VISA 109**
**FAUXDOC 40**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí) **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráiteas |

**Ráiteas ón Iodáil**

De mheon an chomhréitigh, glacann an Iodáil le téacs an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 810/2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí), a thíolaic an Uachtaránacht (6113/19). Mar sin féin, is mian léi aird a dhíriú ar cheist ar leith a tharraing toscaireacht na hIodáile anuas roinnt uaireanta le linn na caibidlíochta: an uastréimhse inar gá cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas ar víosa a laghdú ó 60 lá go 45 lá (Airteagal 23(2)). Is oth leis an Iodáil, in ainneoin na n-iarrachtaí a rinneadh le linn na caibidlíochta, go bhfuil an téacs comhréitigh deiridh difriúil le sainordú na Comhairle. Tá baol ann nach mbeidh an fhoráil nua ag teacht le struchtúr agus ualach oibre líonra consalach na hIodáile, go háirithe i gcásanna eisceachtúla ina bhfuil gá le grinnscrúdú breise ar na hiarratais.